# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ceol

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Achoimre ar na marcanna

| | | |
|---|---|---|
| C. 1 | (36) | (a) (i) (4mx6); (b) (i) 2 (ii) 3+3 (iii) 4 |
| C. 2 | (46) | (a) (2mx11); (b) (i) 3 (ii) 3 (iii) 3+3; (c) 3+3; (d) 3+3 |
| C. 3 | (55) | (a) (i) 4 (ii) 4; (b) (i) 4 (ii) 3+3 |
| | | (c) (i)2+ 2 (ii) 3; (d) 5m x 6 |
| C. 4 | (54) | (a) 4mx7; (b) 3+3+3; (c) (i) 3+3 (ii) 1+1+1 (iii) 4 +4 |
| C. 5 | (54) | (a) 4 (b) 4 4 4; (c) (i) 28 (ii)3+3 (iii) 4 |
| C. 6 | (35) | (a) 4 (i) 4 (ii) 4; (b) (i) 4 (ii) 4; (c) (i) 3 (ii) 3 + 3 (iii) 3 (iv) 3 |

Maidir le ceisteanna ilrogha, nuair a bhíonn níos mó freagraí ná atá ag teastáil, cealaíonn freagra mícheart breise freagra ceart.

Maidir le ceisteanna oscailte, marcáil cáilíocht fhoriomlán an ráitis mar atá thíos.

**Caighdeán an ráitis:**

Suas go 4
- Láncheart = 4
- Níl sé go hiomlán ceart = 3
- Ráiteas ginearálta = 2
- Roinnt Tuillteanais = 1

Suas go 3
- Láncheart = 3
- Níl sé go hiomlán ceart/Ráiteas ginearálta = 2
- Roinnt Tuillteanais = 1

**Ceist 1** **36 marc**

**(a)** Trí shliocht, a sheinnfear dhá huaire.

**Sliocht 1.**

| | Teach Taibhsí | Scéal Grá | Coinnigh ort ag Máirseáil! | |
|---|---|---|---|---|
| Teideal scannáin: | ☐ | ☐ | ☑ | 4 |

**Cúis:** 1 cheann ar bith dóibh seo a leanas (nó atá cosúil) le nasc cáilithe: **suas go 4**
Gné ceoil = 2 + nasc cáilithe suas go 2. Glac le mothú mar nasc.
Ráiteas ceart gan tagairt don cheol = 1

am 4/4 rialta
uirlisí práis
intreoir cosúil le scol
cnaguirlisí
gaothuirlisí adhmaid/fliúiteog
rolláin sreangdhrumaí
dord-druma
mórghléas
tagairt cheart do dhinimic
athdhéanta/athdhéanamh
Aon ghné bhailí eile

4

**Sliocht 2.**

| | Teach Taibhsí | Scéal Grá | Coinnigh ort ag Máirseáil! | |
|---|---|---|---|---|
| Teideal scannáin: | ☐ | ☑ | ☐ | 4 |

1 cheann ar bith dóibh seo a leanas (nó atá cosúil): **suas go 4**

séis ar théaduirlisí (veidhlín)
tempo mall-measartha
mothúchánach
dinimic ag ardú agus ag titim
séis fhada éasca
crochadh
ardaíonn an tuinairde go drámatúil
nótaí marthanacha
seinntear vibrato
dim agus rit ag an deireadh
Aon ghné bhailí eile
Marcáiltear é mar atá thuas

4

**Sliocht 3.**

| | Teach Taibhsí | Scéal Grá | Coinnigh ort ag Máirseáil! | |
|---|---|---|---|---|
| Teideal scannáin: | ☑ | ☐ | ☐ | 4 |

1 cheann ar bith dóibh seo a leanas (nó atá cosúil): **suas go 4**

veidhlín ardairde
patrún athdhéanta nótaí
tagann veidhlíní eile isteach
ardaíonn an tuinairde
éiríonn na dinimic níos glórmhaire de réir a chéile
uigeacht
crómatachas
díchorda/díshondas
glissando
corda ard go tobann
trumpa/prásuirlisí maothaithe
íslíonn an tuinairde
scála tremolo crómatach a ardaíonn
críoch tobann borb
tremolo
pizz ar na téaduirlisí íochtaracha
débhrí tonúil ( mion = 1 mharc)
Éiríonn sé níos tapa
Aon ghné bhailí eile
Marcáiltear é mar atá thuas

4

**(b)** Úsáidtear ceol i bhfógraí chun tacú leis an teachtaireacht agus an táirge a chur chun cinn.

**(i)** Ainmnigh fógra a bhfuil staidéar déanta agat air. ***2***

| Freagra: Fógra a ainmniú = 2 mharc |
|---|
| Murar féidir an ceol a úsáidtear san fhógra a aithint, ní féidir leis an iarrthóir aon mharc a fháil do chodanna (ii) agus (iii). Murar féidir an fógra a aimsiú - bronn marcanna as an bhfógra a ainmniú amháin |

**(ii)** Déan cur síos ar 2 ghné den cheol a úsáidtear san fhógra seo.

| Gné 1: | 1. Cur síos bailí: Is féidir le hiarrthóirí lánmharcanna a fháil as gnéithe cearta más rud é gur féidir an píosa ceoil a aithint óna bhfreagra.<br><br>2. Cur síos bailí:<br>Mothú/liricí gan tagairt don cheol = 1 | |
|---|---|---|
| | | |
| Gné 2: | | |
| | | |

***suas go … 3+3***

**(iii)** Déan cur síos ar an gcaoi a gcuidíonn an ceol chun tacú leis an teachtaireacht agus an táirge a chur chun cinn san fhógra seo.

| Freagra: |
|---|
| Ní mór don fhreagra tagairt a dhéanamh don cheol, don teachtaireacht atá san fhógra agus don chaoi a gcuireann sé an táirge chun cinn.<br>D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh: stíl/seánra, mothú, liricí, tempo, dinimic, uirlisí. |
| Is féidir le hiarrthóirí nach dtugann freagra do chuid (i) lánmharcanna a fháil do (ii) agus (iii) más féidir an píosa ceoil san fhógra a aithint ag an bpointe seo (ach ní féidir leo aon mharc a fháil do (i)). |

***suas go … 4***


**Ceist 2**

***46 marc***

Trí shliocht as trí leagan éagsúla d'amhrán.

**(a) Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

Cuir cosa agus bíomaí leis na nótaí, de réir mar is cuí, chun an rithim ag **X** a chríochnú.




Marcáil, ón taobh clé go dtí an taobh deas, na céad 11 nóta

***(2m x 11) … 22***

**Sliocht 2, a sheinnfear ceithre huaire. Tá na liricí priontáilte thíos.**

**(b)** Éist leis an sliocht agus freagair na ceisteanna thíos.

| | |
|---|---|
| Líne 1 | Of all the comrades that e'er I had |
| Líne 2 | They're sorry for my going away |
| Líne 3 | And all the sweethearts that e'er I had |
| Líne 4 | They wish me one more day to stay. |
| Líne 5 | But since it fell into my lot |
| Líne 6 | That I should rise and you should not |
| Líne 7 | I'll gently rise and softly call |
| Líne 8 | Good night and joy be to you all. |

**Línte 1-3**

**(i)** Sna línte 1–3, tá an tséis á canadh ag

| soprán | teanór | dord |
|---|---|---|
| ☐ | ☑ | ☐ |

*... 3*

**(ii)** Sa cheol cúlra de na línte 1–3, cloistear

| cruit | giotár | pianó |
|---|---|---|
| ☐ | ☑ | ☐ |

*... 3*

**(iii)** Sainaithin dhá ghné nua den cheol ó líne 5 ar aghaidh.

**2 cheann ar bith dóibh seo a leanas (nó atá cosúil):3+3**

| | | |
|---|---|---|
| armóin ghutha | tuilleadh amhránaithe | séis ghutha nua |
| cuirtear an bosca ceoil/cairdín leis | cuirtear na drumaí leis | bodhrán |
| veidhlín | tuilleadh uirlisí | |
| dordlíne níos láidre | ciombal ó líne 5 | |
| dinimic níos glórmhaire | tuinairde níos airde | |
| Aon ghné bhailí eile | | |

***(suas go 3 + 3) ... 6***

**Sliocht 3, a sheinnfear dhá uair.**

**(c)** Déan cur síos ar dhá shlí a bhfuil an leagan seo den amhrán éagsúil leis an leagan a chuala tú i **Sliocht 2**.

**2 cheann ar bith dóibh seo a leanas (nó atá cosúil): 3+3**

gléas/tuinairde níos ísle
rithim níos saoire
tionlacan pianó/méarchlár
módúil/tonúlacht difriúil
Aon fhreagra bailí eile

tempo níos moille
ceol gutha aonair
**tuilleadh** maisithe

níos moille

Áit ina ndéantar tagairt do shliocht amháin = 2m
mór go mion = 2m
dordghuth /guth níos doimhne = 1m
mion = 0;
liricí = 0m

***(suas go 3 + 3) … 6***

**(d)** Tá na meáin chumarsáide an-tábhachtach do chumadóirí amhrán agus do cheoltóirí Éireannacha. Tabhair dhá shlí a rachadh tuilleadh ama craolta ar raidió na hÉireann chun tairbhe do cheoltóirí Éireannacha.

**2 cheann ar bith dóibh seo a leanas (nó atá cosúil): 3+3**

tuilleadh dleachtanna
tuilleadh aitheantais
tuilleadh sruthaithe
ainmniúcháin/gradaim
Tuilleadh deiseanna an ceoltóir a chur chun cinn - agallaimh.
Tuilleadh oibre do na cumadóirí amhrán agus ceoltóirí
Aon fhreagra bailí eile

***(suas go 3 + 3) … 6***

**Ceist 3** ***55 marc***

Dhá shliocht

**(a) Sliocht 1, a sheinnfear dhá uair.**

**(i)** Céard é buille an cheoil?

| 3 | 4 | |
|---|---|---|
| ☐ | ☑ | ***… 4*** |

**(ii)** Tá an tonúlacht

| mór | mion | |
|---|---|---|
| ☑ | ☐ | ***… 4*** |

**(b) Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire. Tá na liricí priontáilte thíos.**

| | |
|---|---|
| Líne 1 | This is the way you left me, I'm not pretending, |
| Líne 2 | No hope, no love, no glory, no happy ending. |
| Líne 3 | This is the way that we love, like it's forever, |
| Líne 4 | Then live the rest of our lives, but not together. |
| Líne 5 | (Oh I...) This is the way you left me, I'm not pretending, |
| Líne 6 | (Feel like I'm wasted) No hope, no love, no glory, no happy ending. |
| Líne 7 | (And I'm…)This is the way that we love, like it's forever, |
| Líne 8 | (Wasting every day) Then live the rest of our lives, but not together. |
| Líne 9 | A little bit of love. |

**(i)** Sna línte 1–4, tá an uigeacht

| monafónach | homafónach | ilfhónach | |
|---|---|---|---|
| ☐ | ☑ | ☐ | ***… 4*** |

**(ii)** Déan cur síos ar dhá ghné den cheol gutha sa sliocht seo.

tosaíonn sé le ceol gutha d'aon ghuth
míreanna athdhéanta/ ostinato
léim ochtach (tuinairde ard=2)
cuirtear líne armóine níos airde leis
falsetto
raon alto
líne forshéise atá i gcodarsnacht le chéile nó frithshéis curtha leis
ag canadh nótaí marthanacha
ceol gutha d'aon ghuth arís agus ansin armóin arís
vibrato ar nótaí níos faide
tagairt d'fhireann/bhaineann = 1m.
Aon ghné bhailí eile

***Suas go…3+3***

**(c)** Úsáidtear réimnithe cordaí sna hamhráin i **Sliocht 1** agus **Sliocht 2** atá cosúil le chéile.

**(i)** Ainmnigh dhá amhrán a bhfuil staidéar déanta agat orthu ina n-úsáidtear réimnithe cordaí atá cosúil le chéile.

| | |
|---|---|
| Amhrán 1: | 1 amhrán ainmnithe = 0m;<br>teideal amhráin nach bhfuil go hiomlán ceart = 1m |

*… 2*

| |
|---|
| Amhrán 2: |

*… 2*

**(ii)** Déan cur síos ar conas atá réimnithe na gcordaí sna hamhráin atá luaite agat cosúil le chéile.


| |
|---|
| Cur síos: cordaí/siombail i gceannlitreacha nó litreacha beaga inghlactha anseo |
| Ráitis ghinearálta = 1m—m.sh. úsáidtear tríchordaí príomhúla<br><br>Má úsáideann an t-iarrthóir "dúnadh" mar chur síos agus gan aon cosúlacht eile idir na hamhráin, ceadaigh 1m do gach amhrán.<br><br>Ní mór do réimnithe a bheith cosúil sa dá amhrán le haghaidh mír amháin ar a laghad<br>Mar shampla: I-vi-ii-V ; I-vi-IV-V |


*suas go … 3*

**(d) Tasc cumadóireachta**

Tá cara leat, a sheinneann an fhliúit, tar éis a iarraidh ort cordaí taca a chur le séis atá á cleachtadh acu do sheó scoile.


Cuir isteach siombailí corda oiriúnacha sna boscaí a thugtar. Tá an chéad chorda curtha isteach duit.




**Greille an chordbhainc - Mórghléas G** *(5m x 6) … 30*

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | D<br>B<br>G | E<br>P<br>A | F#<br>D<br>B | G<br>E<br>P | A<br>F#<br>D | B<br>G<br>E | P<br>A<br>F# |
| Siombail an chorda | G | Am | Bm | P | D | Em | F#º |
| An uimhir Rómhánach | T | ii | iii | IV | V | vi | viiº |




**5 mharc in aghaidh an chorda oiriúnaigh**
**I mboscaí 1-2 agus 3-4 má úsáidtear Am go G - Am = 3 mharc, G = 5 mharc.**
**Ní mór don dara chorda deireanach a bheith mar D nó D7 agus G.**
Áit ina bhfuil fréamh an chorda ceart, ach tá an iarmhír in easnamh: 0 marc

**Ceadaigh 2 mharc do gach corda oiriúnach a bhreactar in uimhreacha Rómhánacha**
Mar atá thuas i mbosca 1-2 agus 3-4 má úsáidtear ii-I - ii = 1 mharc, I = 2 mharc.
Ní mór do chordaí a bheith **go hiomlán** ceart chun an marc seo a bhronnadh. Ní mór don nodaireacht uimhreach Rómhánaigh a bheith go hiomlán cruinn: Ceannlitreacha do mhórchordaí (i.e. gan poncanna ar na "I"anna); Litreacha beaga do mhionchordaí (i.e. poncanna ar na "i"anna).

**Ceist 4**

**54 mharc**

Trí shliocht.

**(a) Sliocht 1, a sheinnfear ceithre huaire.**

Agus tú ag úsáid na rithime a thugtar duit, cuir isteach na **seacht** nóta séise atá ar iarraidh sna barraí 3–4.
Is ceadmhach cliathnodaireacht nó sólfá tonach a úsáid.




***(4m x 7) …28***

| |
|---|
| Marcáil na céad 7 nóta an taobh clé go dtí an taobh deas. Gach tuinairde atá ceart: 4m.<br>Mura bhfuil an tuinairde ceart: Treo ceart + idirchéim dhiatonach cheart = 2m<br>Treo ceart + idirchéim mhícheart = 1m<br>Treo mícheart = 0m |

**(b) Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

Cuireann na ciorcail timpeall ar na focail i líne 1 agus i líne 2 in iúl cá n-athraíonn na cordaí.
Cuir ciorcail timpeall ar thrí fhocal i líne 3 ina gcloiseann tú athrú corda.

| | |
|---|---|
| Líne 1 | The feeling that I'm losing her forever, |
| Líne 2 | And without really entering her world. |
| Líne 3 | I'm glad whenever I can share her laughter, |
| Líne 4 | That funny little girl. |

***(3 + 3 + 3) … 9***

**(c)** **Sliocht 3, a sheinnfear dhá uair.**




**(i)** Ainmnigh an dá fhine (chlann) uirlisí a chloistear sa sliocht seo.

| Fine (Clann) 1: **práis** | Fine (Clann) 2: ***cnaguirlisí*** | ***(3 + 3) … 6*** |
|---|---|---|

**(ii)** Ainmnigh na trí nóta ag **X** ar an scór.

| Nóta 1: ***C*** | Nóta 2: ***A*** | Nóta 3: ***F*** |
|---|---|---|

***(1+ 1 + 1) … 3***

**(iii)** Déanann na nótaí sin an tríchorda seo:

| C mór | F mór | A mion | |
|---|---|---|---|
| ☐ | ☑ | ☐ | ***… 4*** |

**(iv)** Roghnaigh barra amháin díobh seo a leanas ina n-oireann an tríchorda céanna don tséis ann.


| barra 4 | barra 5 | barra 6 | |
|---|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☑ | ***… 4*** |


**Ceist 5** **54 mharc**


Dhá shliocht.

**(a)** **Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

Cé acu ceann de na grafaicí thíos is fearr a mheaitseálann líne na séise? Cuir tic le ceann amháin.

☐ 

☑ 


☐ 


**... 4**


**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(b)** Sainaithin an t-ord ina gcloistear na trí mhóitíf cheoil seo a leanas sa sliocht seo.

Scríobh do fhreagra sna boscaí thíos, agus úsáid na huimhreacha 1, 2, 3.

*2*  = 3 nótaí ag titim go tapa **... 4**


*1*  = corda ard a éiríonn níos ísle, agus ansin níos airde, agus ansin níos ísle arís **... 4**

*3*  = 8 nóta athdhéanta **... 4**

**(c) Tasc cumadóireachta**

Tá ball de bhanna na scoile tar éis a iarraidh ort séis a chumadh do rithim a chum siad agus éifeacht phróiseála a mholadh a d'fhéadfaí a chur leis an gceol.

**(i)** Cum séis i mórghléas C don rithim a thugtar. Críochnaigh ar an ngléasnóta/dó.




***Séis ... 28***

| | Cáilíocht na séise, lena n-áirítear ag críochnú ar doh. | Suas go **28** |
|---|---|---|
| **Banna** | **Cur síos** | **Marcanna** |
| **1** | Cruth, sruth agus tuiscint sármhaith ar ghléas agus ar threo sa séis. | 25—28 |
| **2** | Cruth, sruth agus tuiscint an-mhaith ar ghléas agus ar threo sa séis | 20—24 |
| **3** | Cruth, sruth agus tuiscint mhaith ar ghléas agus ar threo sa séis | 15—19 |
| **4** | Cruth, sruth agus tuiscint réasúnta maith ar ghléas agus ar threo sa séis, rithim cruinn den chuid is mó | 10—14 |
| **5** | Cruth, sruth agus tuiscint lag ar ghléas agus ar threo, rithim cruinn go pointe | 5—9 |
| **6** | Beagán iarrachta nó iarracht ar bith, cruth séiseach atá neamhrialta, ní úsáidtear an rithim a tugadh | 0—4 |

**(ii)** Ainmnigh éifeacht phróiseála a d'fhéadfaí a chur leis an tséis agus déan cur síos ar thionchar na héifeachta próiseála sin ar an gceol.

**1 cheann ar bith dóibh seo a leanas (nó atá cosúil): 3 + 3**
Peanáil; breisdubáil; aisfhuaimniú; ilrianach; macalla; comhbhrú
Aon fhreagra bailí eile
Sraitheanna =1
Mura bhfuil éifeacht ar bith ainmnithe ach gur éifeacht bailí é an cur síos, ceadaigh suas le 3 mharc don chur síos.

***(3 + suas go ... 3) ... 6***

**(iii)** Mínigh conas a d'fhéadfadh an banna a gcuid ceoil a roinnt ar líne.

Caithfear ardán a ainmniú. Na meáin shóisialta/roinnt ar líne/ríomhphost =1m

***Suas go... 4***

**Ceist 6**

***35 marc***

Dhá shliocht, a sheinnfear trí huaire.

**(a) Sliocht 1**

**(i)** Seinntear an tséis

| ar bhasúin | ar dhordveidhlí | ar choirn Fhrancacha | |
|---|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☑ | ***… 4*** |

**(ii)** Is mar seo a sheinntear iad an chuid is mó den am:

| in aoncheol | in armóin | in aithris | |
|---|---|---|---|
| ☐ | ☑ | ☐ | ***… 4*** |

**(iii)** Sainaithin gné amháin den tséis.

**Ceann ar bith díobh seo a leanas: 4 mharc**

nótaí athdhéanta; seicheamh; mór-thonúlacht; ag dul suas sé réir céime; ag dul síos de réir céime; gluaiseacht thriadach; ag gluaiseacht de réir céime agus léime; sioncóipiú; staccato .
Aon fhreagra bailí eile
Athdhéanamh = 1m.
Ní ghlactar le huigeacht

***suas go … 4***

**(b) Sliocht 2. Tá ceithre mhír 8 mbarra sa cheol.**

**(i)** Foirm an cheoil sa sliocht seo ná

| AABA | AABB | ABBA | |
|---|---|---|---|
| ☐ | ☑ | ☐ | ***… 4*** |

**(ii)** Is é a thugtar ar an bhfoirm sin ná

| Foirm aonadach | Foirm dhénártha | Foirm thrínártha | |
|---|---|---|---|
| ☐ | ☑ | ☐ | ***… 4*** |

**(c) (i)** Ainmnigh stíl chomhaimseartha nó stíl stairiúil cheoil a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

| Stíl chomhaimseartha/stairiúil cheoil: 3m<br><br>Ceol na hÉireann, ceol traidisiúnta na hÉireann, Sean Nós = 3m<br>Stíl na hÉireann/ceol traidisiúnta = 0m |
|---|

***… 3***

**(ii)** Déan cur síos ar dhá ghné den stíl sin.

| Gné 1: cur síos bailí.<br>Gné ghinearálta atá bailí i gcás go leor stíle = 0m<br><br>Gné 2: cur síos bailí.<br>Gné ghinearálta atá bailí i gcás go leor stíle = 0m |
|---|

***suas go … 3***

**(iii)** Ainmnigh píosa ceoil sa stíl sin.

| Freagra: |
|---|

***… 3***

**(iv)** Déan cur síos ar ghné cheoil amháin den phíosa ceoil sin.

| Freagra: |
|---|
| I gcás nach bhfreagraíonn iarrthóir cuid (i), ní féidir marcanna a bhronnadh orthu do chodanna (ii), (iii) agus (iv) ach amháin má ainmníonn siad an **stíl** i gcodanna seo na ceiste.<br><br>NB - Ní féidir marcanna a bhronnadh do ghnéithe cearta píosa ach amháin dá n-ainmnítear **stíl** agus an píosa sin bailí don stíl. |

***suas go …3***

# CRITEIR MHEASÚNACHTA DON CHEOLCHASADH

| Rialú teicniúil | Ceolmhaireacht |
|---|---|
| 1. **Tuinairde:** – cruinneas agus iontonú<br>2. **Rithim**: – cruinneas agus comhsheasmhacht<br>3. **Rialú deaslámhacht/deaslámhacht theicniúil chuí:**<br>- Rialú an léirithe fuaime<br>- Slándáil theicniúil | 1. Miriú, análú, mothúchain **mar is cuí don stíl agus don aoisghrúpa**<br>• **Stíl Phobail:** luí le focail agus rithim<br>• **Stíl Thraidisiúnta:** rithim portaireachta<br>• **Stíl Chlasaiceach:** míriú agus mothúcháin<br>2. Riachtanais dhinimiciúla **mar is cuí don stíl agus don aoisghrúpa**<br>3. Iontonú<br>4. Líofacht |

| I: Rialú teicniúil | | II: Ceolmhaireacht | | III: Triail neamhullmhaithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Marc** | **Cur síos** | **Marc** | **Cur síos** | **Marc** | **Cur síos** | |
| **24** | | **72** | | **24** | **Amharcléamh/ Cluaschuimhne** | **Tobchumadh** |
| 23-24<br>21-22 | • Tuinairde agus/nó rithim den scoth<br>• Rialú den scoth | 71-72<br>68-70<br>65-67 | • Ceolchasadh ceolmhar den scoth | 23-24<br>21-22 | • Cruinneas tuinairde agus/nó rithimeach den scoth<br>• Leanúnachas agus buille den scoth | • Forbairt den scoth ar an ábhar tugtha<br>• Leanúnachas agus buille den scoth |
| 19-20<br>17-18 | • Tuinairde agus/nó rithim an-mhaith<br>• Rialú an-mhaith | 62-64<br>58-61<br>54-57 | • Ceolchasadh an-cheolmhar | 19-20<br>17-18 | • Cruinneas tuinairde agus/nó rithimeach an-mhaith<br>• Leanúnachas agus buille an-mhaith | • Forbairt an-mhaith ar an ábhar tugtha<br>• Leanúnachas agus buille an-mhaith |
| 15-16<br>13-14 | • Tuinairde agus/nó rithim mhaith<br>• Rialú maith | 50-53<br>45-49<br>40-44 | • Ceolchasadh ceolmhar maith | 15-16<br>13-14 | • Cruinneas tuinairde agus/nó rithimeach maith<br>• Leanúnachas agus buille maith | • Forbairt mhaith ar an ábhar tugtha<br>• Leanúnachas agus buille maith |
| 11-12<br>9-10 | • Tuinairde agus/nó rithim réasúnta<br>• Rialú réasúnta | 37-39<br>33-36<br>29-32 | • Ceolchasadh réasúnta ceolmhar | 11-12<br>9-10 | • Cruinneas tuinairde agus/nó rithimeach réasúnta<br>• Leanúnachas agus buille réasúnta | • Forbairt réasúnta ar an ábhar tugtha<br>• Leanúnachas agus buille réasúnta |
| 7-8<br>5-6 | • Tuinairde agus/nó rithim lag<br>• Rialú lag | 24-28<br>19-23<br>14-18 | • Ceolchasadh ceolmhar lag | 7-8<br>5-6 | • Cruinneas tuinairde agus/nó rithimeach lag<br>• Leanúnachas agus buille lag | • Forbairt lag ar an ábhar tugtha<br>• Leanúnachas agus buille lag |
| 3-4<br>0-2 | • Tuinairde agus/nó rithim an-lag<br>• Rialú an-lag | 9-13<br>5-8<br>0-4 | • Ceolchasadh ceolmhar an-lag | 3-4<br>0-2 | • Cruinneas tuinairde agus/nó rithimeach an-lag<br>• Leanúnachas agus buille an-lag | • Forbairt an-lag ar an ábhar tugtha<br>• Leanúnachas agus buille an-lag |